# Treoir faoi Churaclam na Bunscoile - Ceisteanna Coitianta

Tá bunscoileanna athoscailte ó thús mhí Mheán Fómhair, agus rinne múinteoirí agus ceannairí scoile iarrachtaí suaithinseacha chun a gcuir chuige agus a modheolaíochtaí gnácha a oiriúnú lena chinntiú go bhfoghlaimaíonn daltaí i dtimpeallacht atá slán agus sláintiúil fós. Gan amhras, chruthaigh na hathruithe seo sa chleachtas ceisteanna faoi conas is fearr is féidir le múinteoirí tacú leis an bhfoghlaim i gcomhthéacs COVID-19. Tá an cnuasach seo de cheisteanna coitianta bunaithe ar cheisteanna ó mhúinteoirí agus scoileanna fud fad na tíre, agus feidhmíonn siad chun tacú le múinteoirí ar feadh na tréimhse den scoilbhliain atá fágtha.  Déanfar uasdátú rialta air.

Clár na n-ábhar:


1. Socruithe amchláir agus bainistíocht ama
2. Folláine
3. Pleanáil (scoile uile agus aonair)
4. Teagaisc agus Foghlaim
5. Measúnú agus Aischothú
6. Oideachas Speisialta
7. Acmhainní
8. Daltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19
9. Rannpháirtíocht tuismitheoirí


## 1. Socruithe amchláir agus bainistíocht ama

### 1.1 Ar cheart go mbeadh amchlár leasaithe ag múinteoirí chun léargas a thabhairt ar na tosaíochtaí curaclaim a leagtar amach in *Ag Filleadh ar an Scoil: Treoir Churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile?* Más amhlaidh, cá fhad ba chóir é seo a bheith i bhfeidhm?

Iarradh ar mhúinteoirí tosaíocht a thabhairt d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Corpoideachas, teanga (Béarla agus Gaeilge) agus Matamaitic le linn seachtainí tosaigh an chéad téarma. Tagann forbairt ar thosaíochtaí teagaisc agus foghlama agus ba cheart go mbeadh siad bunaithe ar riachtanais na ndaltaí i ngach scoil ar leith. Is amhlaidh atá cionn is go mbeidh éagsúlacht mhór tagtha ar eispéiris na ndaltaí le linn dhúnadh COVID-19 ó scoil go scoil agus ó rang go rang. Is é an fócas ar fholláine mar bhunús don fhoghlaim an réasúnaíocht do thosaíochtaí curaclaim OSPS, Corpoideachas, teanga agus Matamaitic. Ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go leasaítear a gcuid amchlár de réir mar a thuigeann siad riachtanais faoi leith na ndaltaí agus breithiúnais ábhartha a dhéanamh

maidir le riachtanais foghlama tosaíochta reatha. Le bunús na gcásanna, i ndiaidh an bhriste lártéarma, beidh na daltaí réidh le taithí a fháil ar an ngnáthchuraclam leathan agus ar an ngnáthamchlár. Ba cheart, áfach, an fráma ama seo a chinneadh i ndiaidh riachtanais na ndaltaí sa rang a mheas agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh go mbeidh am breise de dhíth ó réimsí foghlama tosaíochta ar feadh tamaill eile.

### 1.2 Cén dóigh ar chóir do scoileanna an t-am a bhainistiú chun sláintíocht láimhe agus níochán láimhe a chur i bhfeidhm i rith an lae gan cur isteach ar am teagaisc?

Nuair a osclaíodh scoileanna go mall i mí Lúnasa agus go luath i mí Mheán Fómhair 2020, rinne múinteoirí tosaíocht agus ghlac siad am chun gnáthaimh scoile nua a chur ar bun a thacaigh le sláinte agus sábháilteacht. Faoin am seo beidh múinteoirí agus daltaí cleachtaithe leis na gnáthaimh seo. Ar an ábhar sin, níor cheart go gcuirfí isteach ar bhealach suntasach ar an am teagaisc mar gheall ar riachtanais nite láimhe agus sláintíochta i ndiaidh na chéad chúpla seachtain. Is féidir aghaidh a thabhairt ar thábhacht na sláinteachais phearsanta, an dóigh le lámha a ní go maith, agus casacht / sraothartach de réir na treorach leighis mar chuid den churaclam OSPS.

### 1.3 Ar cheart go ndéanfadh scoileanna amanna tosaigh agus críochnaithe a chéimhniú chun líon na ndaoine a bhailíonn lasmuigh den scoil a choinneáil chomh híseal agus is féidir?

Ba chóir do scoileanna gan cur isteach ar uaireanta teagaisc ba cheart dóibh an méid riachtanach ama teagmhála a choinneáil leis na daltaí uile gach lá. I líon beag cásanna, b'fhéidir gurb é amanna tosaigh agus críochnaithe céimnithe an t-aon bhealach inar féidir le scoil a chinntiú nach mbailíonn líon mór daoine le chéile taobh amuigh den scoil. Maidir leis na cásanna seo, ba cheart an méid ceart ama teagmhála a chur ar fáil do gach dalta go fóill. I mbunús na scoileanna, áfach, cinnteoidh úsáid pointí iontrála agus imeachta breise gur féidir ranganna a ligean isteach agus a ligean saor ón scoil ar bhealach sábháilte. Ar an dóigh chéanna, ba chóir a chur in iúl do thuismitheoirí gur gá cloí leis an scaradh sóisialta agus le bearta sláinte poiblí agus iad ag fágáil agus ag bailiú a gcuid páistí. Ba cheart go gcuirfeadh sé seo deireadh leis an ngá atá le hamanna tosaigh agus críochnaithe a chéimniú.

### 1.4 Conas a gheobhaidh múinteoirí agus scoileanna am agus spás chun a bheith ag comhoibriú, ag pleanáil agus ag obair le chéile le fócas scoile uile?

Is é comhairle treoracha sláinte agus sábháilteachta reatha nár chóir do dhaoine fásta bailiú le chéile. Mar sin, níor chóir cruinnithe foirne uile a reáchtáil ag an am seo, chun féidearthacht an ionfhabhtaithe i measc na foirne a íoslaghdú. D'fhéadfaí cruinnithe le scaradh sóisialta idir líon beag múinteoirí a éascú chun a chinntiú go gcuirtear tosaíochtaí scoile uile i bhfeidhm go leanúnach. Is féidir uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid chun tacú le comhoibriú agus pleanáil. Chomh maith leis sin, is féidir le MOSanna cuid dá gcuid ama a úsáid de réir threoirlínte RSO chun pleanáil chomhoibríoch a éascú. Ba chóir do mhúinteoirí leanúint ar aghaidh ag déanamh cumarsáide trí ardáin ar líne agus úsáid ardán digiteach reatha a uasmhéadú, leithéid Aladdin agus Google classroom, agus áiseanna físchomhdhála ar nós Zoom agus Webex.

## 2. Folláine

### 2.1 Tá roinnt daltaí i mo scoil ceansaithe agus neirbhíseach agus iad ag filleadh ar scoil. Cad iad na céimeanna is féidir a ghlacadh chun folláine a chur chun cinn chun a dheimhniú go bhfuil na daltaí réidh agus in ann foghlaim?

Tá sé intuigthe go mb'fhéidir go raibh imní ar na daltaí agus iad rud beag ceansaithe agus iad ag filleadh ar scoil i ndiaidh tréimhse fhada. Chuaigh an phaindéim COVID-19 i bhfeidhm ar dhaltaí ar bhealaí éagsúla le roinnt daltaí a bhfuil breoiteacht, brón nó cumha bháis orthu agus daltaí eile atá ina gcónaí i dtithe ina bhféadfadh cúinsí airgeadais nó cúinsí eile a bheith athraithe. Tá tábhacht ar leith ag baint le OSPS agus leis an gcultúr comhbhách a bhíonn á chothú ag an scoil agus i ranganna aonair ó lá go lá chun freagairt don tionchar a bhí ag COVID-19 ar dhaltaí i dtéarmaí a gcuid mothúchán, smaointe agus iompraíochta. Tá ábhar curaclaim OSPS úsáideach freisin chun tacaíocht ghinearálta agus faoi leith a sholáthar do dhaltaí a bhfuil sé deacair orthu a bheith ar scoil. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gá gearrthéarmach a bheith ann an méid ama a chaithear ag múineadh OSPS a mhéadú d'fhonn freastal ar dhaltaí a bhfuil imní bhreise orthu faoi bheith ar scoil le linn COVID-19. Ba chóir do scoileanna, ámh, iarracht a dhéanamh an chothromaíocht chuí a fháil faoin méid ama ar an iomlán a chaithear ag teagasc gach ábhar le linn an téarma/ na bliana. Cuideoidh eispéiris foghlama a thacaíonn le daltaí díriú ar a gcuid buanna, ar a gcuid tréithe dearfacha agus cáilíochtaí chun an t-athnascadh le pobal na scoile a dhéanamh agus cuideoidh sé le daltaí a bheith compordach agus sásta ar scoil. Tá go leor samplaí praiticiúla san fhoireann uirlisí síceolaíochta oideachais (NEPS) le húsáid chun tacú le folláine dhearfach do dhaltaí i mbunscoileanna. Ba cheart monatóireacht ghéar a dhéanamh ar fholláine na ndaltaí de réir mar a théann an téarma ar aghaidh.

### 2.2 Cén tacaíochtaí atá ar fáil chun folláine na múinteoirí agus na gceannairí scoile a chosaint?

Tugadh suas le hocht lá dhéag sa bhreis do phríomhoidí mar laethanta scaoilte príomhoidí d'fhonn lá scaoilte in aghaidh na seachtaine a cheadú don scoilbhliain 2020/21. Soláthraíodh an t-am seo chun tuilleadh ama a thabhairt do phríomhoidí chun plé leis an obair bhreise mar a bhaineann le COVID-19. Soláthraíodh idir 5 agus 16 lá scaoilte breise do phríomhoidí tánaiste i scoileanna le príomhoidí riaracháin don scoilbhliain 2020/21 chun tacú leis an obair bhreise atá le déanamh ag scoileanna i mbliana..

Soláthraíonn an SCF comhairle d'fhostaithe maidir le réimse saincheisteanna lena n-áirítear caisteanna folláine, dlí, airgeadais, méala, coimhlinte, eadráine srl. Soláthraíonn an SCF comhairle agus tacaíocht do bhainisteoirí chomh maith agus cuireann idirghabháil ar fáil le cabhrú leo déileáil le saincheisteanna sláinte agus folláine san ionad oibre.

Más cuí, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus do bhaill teaghlaigh agus tá tairseach agus aip shaincheaptha d'fholláine ar fáil a thairgeann reimse de ríomhsheirbhísí lena n-áirítear teiripe chognaíochta iompraíoch ar fáil ar líne d'fhostaithe. Mar chuid den SCF, tá Bainisteoir Cothú Meabhaishláinte ar fáil le tograí meabharshláinte agus folláine bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a sheachadadh. Beidh sraith seimineár gréasáin agus taispeántais á soláthar ag Spectrum.Life chomh maith le folláine a chur chun cinn i scoileanna sa scoilbhliain seo chugainn.

Tá an tseirbhís ar fáil ar Líne Chabhrach Rúnda Saorghlao ar leith 1800 411 057, tá fáil air 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain, nó an téacs 'Hi' a chur chuig 087 339 0010 le tacaíocht SCF a úsáid ar SMS agus WhatsApp. Breis eolais ar fail ar https://www.education.ie/ga/Foireann-Oideachais/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/An-Clar-Cunaimh-agus-Follaine-Fostaithe/An-Clar-Cunaimh-agus-Follaine-Fostaithe.html

Tá Cigireacht na Roinne ag plé le scoileanna i gcáil chomhairleach chun na héachtaí agus na dushláin atá ann do cheannairí scoile agus a bpobal faoi láthair a phlé. Tugann na seisiúin seo, má ghlacann scoileanna páirt iontu, deis don scoil comhairle agus treoir a lorg thar réimse tosaíochtaí scoile.

## 3. Pleanáil (scoile uile agus aonair)

### 3.1 Agus mé ag pleanáil ar bhonn téamach, an gá dom pleanáil do réimsí ábhair eile?

Is gá, ba chóir do mhúinteoirí leanúint ar aghaidh ag pleanáil do gach ábhar, lena n-áirítear pleanáil ar bhonn téamach le haghaidh OSIE agus Oideachas sna hEalaíona de réir mar is cuí dá gcomhthéacs agus do riachtanais na ndaltaí sa rang, agus tosaíocht á tabhairt acu do OSPS, Corpoideachas, teanga agus Matamaitic. D'fhéadfadh luas na foghlama sna réimsí seo a bheith difriúil ó bhlianta eile ach éascaíonn cur chuige téamach do theagasc agus d'fhoghlaim dul chun cinn a dhéanamh le go leor de chuspóirí an churaclaim. Cuid 3.4 de *Ag Filleadh ar Scoil: Treoir churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile* mar a bhfuil tagairt ann do chur chuige comhtháite agus do chur chuige ar bhonn téamach dea-phleanáilte chun tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil.

### 3.2 Cén leibhéal pleanála scoile uile a bhfuiltear ag súil le scoileanna a chur i bhfeidhm?

Ba chóir do mhúinteoirí a bheith eolach ar pholasaithe reatha scoile maidir le soláthar curaclaim i réimsí aitheanta tosaíochta OSPS, Corpoideachais, teangacha agus Matamaitice. Ba chóir do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm polasaithe scoile uile i leith na n-ábhar seo chomh comhleanúnach agus is féidir. Sa chás go bhfuil athrú béime riachtanach ar leibhéal scoile uile, ba chóir na hathruithe seo a bheith comhaontaithe ag na múinteoirí go léir agus curtha in iúl dóibh go léir. Ba chóir go leanfaidh ullmhúchán rialta coicisiúil agus téarma/bliantúil múinteoirí ar aghaidh, le haon oiriúnuithe comhaontaithe ag leibhéal na scoile uile. Ba chóir go leanfaidh múinteoirí ar aghaidh ag coinneáil tuairiscí míosúla ar obair curtha i gcrích.

## 4. Teagaisc agus Foghlaim

### 4.1 Cén dóigh ar féidir liom mo theagasc a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí i mo rang agus mé ag cloí le comhairle sláinte poiblí?

Ba chóir go leanfadh múinteoirí ag cur ar fáil réimse leathan d'eispéiris ghníomhacha foghlama do gach dalta. De bharr nach bhfuil scaradh sóisialta riachtanach go dtí rang a dó, ba chóir go leanfaí ar aghaidh de dheiseanna foghlama bunaithe ar shúgradh a chur ar fáil.

Tá tábhachtacht mhór ag baint leis an súgradh do dhaltaí níos óige agus féadann sé idirghníomhú go han-éifeachtach do dhaltaí atá ag obair i ‘faighneoga’ - sa seomra ranga agus taobh amuigh.

Fiú nuair a bhíonn scaradh sóisialta á chleachtadh ag daltaí, is féidir comhoibriú a éascú mar is féidir le daltaí éisteacht le smaointe a bpiaraí, iad a fhreagairt agus a bheith ag oibriú leo agus an scaradh fisiceach a choinneáil (mar shampla, trasna an deisce, ag úsáid TFC, i mbeirteanna agus laistigh d'fhaigneoga). Ba chóir go leanfadh daltaí de bheith ag gabháil d’obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí ar na bealaí seo.

Ba cheart go leanfaí de rochtain a chur ar fáil do dhaltaí ar ionramhálacha agus ábhair eile áit a gcuideoidh sé lena gcuid foghlama agus tá treoracha breise faoin dóigh le trealamh comhroinnte a úsáid ar fáil i Roinn 6 de *Plean Freagartha COVID-19 maidir le hAthoscailt Shábháilte agus Inmharthana Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*.

## 4.2 Cé go gcuirtear an chéim ‘déan moill chun breith suas’ chun cinn, cén dóigh ar féidir liom dul chun cinn ar fud an churaclaim a chinntiú?

Chaith múinteoirí am i rith Mheán Fómhair 2020 ag fáil amach faoin leibhéal ar a bhfuil na daltaí maidir le foghlaim. Tugtar san fhaisnéis bhunlíne seo an fhaisnéis atá de dhíth ar mhúinteoirí chun na cineálacha cur chuige teagaisc a úsáideann siad a chur in oiriúint agus a leasú. Bíonn sé seo ina chuidiú acu chun an curaclam a dhifreáil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ina rang agus chun leibhéal cuí dúshlán a sholáthar do dhaltaí d’fhonn an rannpháirtíocht is fearr san fhoghlaim a éascú.

Cuirtear treoir shonrach curaclaim ar fhoghlaim ar fud an churaclaim ar fáil do scoileanna in *Ag filleadh ar scoil: Treoir churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile Cuid 3.6 – Tosaíochtaí Curaclaim*. Nuair atá soiléireacht ag múinteoirí faoi cá bhfuil na daltaí ina bhfoghlaim, is féidir leo ullmhú chun réimsí den fhoghlaim a chur chun cinn arís. Cé go mbeidh am agus tacaíocht bhreise ag teastáil ó dhaltaí áirithe, tá daltaí eile réidh agus ag tnúth lena gcuid foghlama a chur chun cinn d’fhonn braistint maidir le cuspóir, struchtúr agus normáltacht a athghnothú.

Moltar in *Ag filleadh ar scoil: Treoir churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile Cuid 3.4 – Cuir Chuige Foghlama* gur chóir úsáid a bhaint as cuir chuige comhtháite agus téamacha sa teagasc agus san fhoghlaim trína ligfear do dhaltaí leanúint ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama ar fud an churaclaim agus fócas a choinneáil ar OSPS, Corpoideachas, teanga agus Matamaitic.

## 4.3 Ós rud é go raibh briseadh mór i bhfoghlaim páistí le linn tréimhse dúnta na scoile, tá dushlán ann do mhúinteoirí áirithe dul chun cinn a dhéanamh i bhfoghlaim na bpáistí sa Ghaeilge arís, go háirithe a gcumas, úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge agus a muinín in úsáid na teanga. Cad iad na tosaíochtaí don teanga sa seomra ranga?

Tá sé ríthábhachtach go bhfaigheann na daltaí deiseanna cainte agus deiseanna an teanga a usáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae. Moltar deiseanna a chruthú do dhaltaí an Ghaeilge a chloisteáil chomh minic agus is féidir, taobh amuigh den cheacht Ghaeilge chomh maith. Is fiú an teicneolaíocht a úsáid chun deiseanna éisteachta a chruthú; tá neart cláracha do pháistí ag gach aois leibhéal ar TG4 agus Cúla 4. Beidh Cúla4 ar Scoil ar TG4 gach lá ag 10rn agus arís ag 4in. Is féidir breathnú ar na cláracha ar cúla4.com nó ar TG4.ie agus tá

ceachtanna ar fáil ar youtube Cula4. Ba chóir go leor deiseanna a chruthú do dhaltaí an Ghaeilge a chleachtadh go spraíúil agus go taitneamhach. Is fiú réimse leathan de rainn agus amhráin a mhúineadh agus a aithris go rialta i ngach rang. Cabhróidh sé seo le foclóir a fhorbairt agus líofacht a chothú sa teanga. Is féidir na rainn agus dánta a chleachtadh mar ghníomhaíochtaí aistrithe i rith an lae, roimh na sosanna agus roimh am dul abhaile. Tá smaointe eile agus acmhainní oiriúnacha ar fáil ar www.pdst.ie agus ar www.cogg.ie

*It is very important that the pupils receive opportunities to speak and to use informal Irish during the day. It is also advised that pupils should receive opportunities to hear Irish as often as possible, outside of the Irish lesson. It is worth using technology to create listening opportunities; there is a wealth of programmes for pupils of every age on TG4 and Cúla 4. Cúla4 ar Scoil airs Monday to Thursday at 10am on TG4, and is repeated at 4pm. It is possible to catch up anytime on TG4.ie or Cúla4 and watch individual lessons on the Cúla4 Youtube channel. Pupils should be playful and enjoy opportunities to use their oral language. It is very worthwhile to teach and recite a wide variety of rhymes and poems regularly at every class level. This helps with the development of vocabulary and language fluency. The rhymes and poems can be used as transition activities throughout the day, before breaks and before home time. There are other ideas and suitable resources available from* pdst.ie and cogg.ie

### 4.4 Toisc nar fhreastal daltaí Naoinán Mhóra ar Scoil ó lár Mhí Marta go deireadh na scoilbhliana, ar chóir don scoil leanúint ar aghaidh le tumoideachas i rang 1 ar feadh tréimhse?

Tá sé chun tairbhe daltaí i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta a bheith ar ais sna suíomhanna tumoideachais, mar d'fhéadfadh nach raibh deiseanna ag leanaí áirithe taithí rialta a bheith acu ar an nGaeilge le linn tréimshe dúnta na scoileanna. Seans go bhfuil dul chun cinn le feiscint cheana féin ina nGaeilge. Beidh an *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas* úsáideach chun reimsí forbartha a aithint. Is cóir do gach múinteoir ranga faisnéis a bhailiú ó chomhráite agus ó ghníomhaíochtaí labhartha eile ar bhonn leanúnach chun eolas agus tuiscint reatha na ndaltaí ar an nGaeilge a mheas chun tacú le foghlaim teanga na ndaltaí go cuí le linn na scoilbhliana 2020/21.

*It is beneficial for pupils from Gaelscoileanna and Gaeltacht schools to be back in their immersion education settings as some pupils may not have had regular engagement in Irish during the school closure period. Improvement in their Irish has probably already been observed. The* Guide for Gaeltacht Primary Schools: Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachais *will be very useful to schools in identifying areas for development. Each class teacher should gather evidence from conversations and other oral activities on a regular basis in order to assess the pupil's grasp and understanding of Irish, so that their learning can be supported appropriately during the 2020/21 school year.*

### 4.5 Ar chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh le teagasc foirne? Más ea, cén dóigh ar féidir é seo a dhéanamh go sábháilte de réir chomhairle sláinte poiblí?

Ba chóir do scoileanna leanúint ar aghaidh le teagasc foirne má bhraitheann siad go bhfuil sé chun leasa na ndaltaí agus más féidir leo é sin a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte oibre de réir na treorach sláinte agus sábháilteachta. Tá gach comhthéacs scoile uathúil ó thaobh an spáis agus an phearsanra atá ar fáil. I bhfianaise bhearta sábháilteachta COVID-19, is fearr líon na MOSanna agus daoine fásta eile atá ag obair i seomra ranga a theorannú chun críocha teagaisc foirne. Ba cheart rochtain ar acmhainní, úsáid Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP), agus soláthar ábhar glantacháin a bheith ann ionas gur féidir leis an bhfoireann a ndeasc agus a spás oibre féin a ghlanadh tar éis gach idirghníomhaíochta "mboilgeog" a chur san áireamh sna socruithe. Ba cheart cloí le treoirlínte um scaradh sóisialta i gcónaí.

## 5. Measúnú agus Aischothú

### 5.1 Ar cheart dom na daltaí i mo rang a mheas agus cén dóigh ar féidir liom é seo a dhéanamh go héifeachtach, gan cur le leibhéil imní na ndaltaí?

Anois go bhfuil na daltaí socraithe ar ais i ngnáthamh na scoile, ba chóir go dtuigfeadh múinteoirí go soiléir an áit a bhfuil na daltaí ina gcuid foghlama. Beidh príomhbhéim do scoileanna ar Mhatamaitic, teangacha (Béarla agus Gaeilge), Corpoideachas agus OSPS agus ba cheart gurb iad na réimsí seo an chéad cheann a ndéanfar measúnú orthu. Is féidir measúnú a dhéanamh ar bhealaí áirithe idir neamhfhoirmiúil agus foirmiúil agus is tábhachtach go roghnaíonn múinteoirí na bealaí is fearr chun an fhaisnéis ar dhul chun cinn na ndaltaí a theastaíonn uathu a bhailiú. Tá treoir chuimsitheach faoin measúnú ar fáil i gCuid 3.2 de *Ag Filleadh ar Scoil: Treoir churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile*. Tá comhairle ar fáil ann maidir leis na pointí tosaigh don fhoghlaim a aithint agus ról an mheasúnaithe mar ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim.

### 5.2 Cén uair ar chóir dúinn tástálacha caighdeánaithe a riar le daltaí?

Níor lean tástálacha caighdeánaithe don scoilbhliain 2019-2020 i mBealtaine 2020, agus **níltear ag súil go ndéanfar tástálacha caighdeánaithe léitheoireachta agus Matamaitice a riar an téarma seo.** Cuirfear amach deontas RO do thástálacha caighdeánaithe in Aibreán 2021 chun tástálacha a riar i mBealtaine 2021 mar is gnách. Ciallaíonn sé seo go gcuirfear measúnuithe caighdeánaithe siar go dtí Bealtaine 2021 do bhunús na ndaltaí. I líon beag cásanna, áfach, mar shampla i gcás roinnt daltaí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu (EAL) nó riachtanais speisialta oideachais (RSO), féadfaidh MOSanna agus múinteoirí ranga cinneadh a ghlacadh maidir le raon teoranta tástálacha diagnóiseacha agus tagarmharcála a úsáid chun dul chun cinn a dheimhniú agus chun a fháil amach an bhfuil gá le tacaíocht bhreise.  Ba cheart go mbeadh aon ghníomh den sórt sin bunaithe ar riachtanais faoi leith an dalta.

### 5.3 An bhfuil sé sábháilte dom aiseolas i scríbhinn a thabhairt do dhaltaí ar a gcóipleabhair / obair bhaile?

Is féidir le múinteoirí leanúint ar aghaidh ag láimhseáil cóipleabhair nó obair a dhéanann na daltaí ach caithfear béim láidir a chur ar shláinteachas láimhe i gcónaí. Gné an-tábhachtach is ea aiseolas a chur ar fáil do dhaltaí, a dhearbhaíonn agus a spreagann iad, chun foghlaim na ndaltaí a threorú. Thiocfadh le daltaí leabhar nótaí / cóipleabhar amháin a úsáid le

haghaidh cleachtaí obair bhaile i mbliana. Moltar go mbaintear úsáid as clúdaigh phlaisteacha inúsáidte chun glanadh a chumasú roimh an láimhseáil agus tar éis. Ba cheart aiseolas ó bhéal a sholáthar go minic agus d'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí an t-aiseolas seo a thaifeadadh ar a gcuid oibre iad féin, nuair is cuí. D'fhéadfaí pointí coitianta aiseolais a thabhairt le chéile agus a roinnt leis an rang iomlán tríd na gnáthnósanna imeachta teagaisc agus foghlama a úsáid (mar shampla, pointe teagaisc ar úsáid roinnt fhada a shoiléiriú, daltaí a mhúineadh faoin dóigh le habairtí a leathnú). D'fhéadfaí moladh a thabhairt do dhaltaí obair bhaile a chur isteach go leictreonach trí úsáid a bhaint as ardán digiteach na scoile (e.g. Seesaw, Google Classroom). D'fhéadfaí samplaí d'obair na ndaltaí a stóráil go digiteach agus aiseolas san áireamh. Is féidir ábhar na bhfilltéan seo a roinnt go tréimhsiúil le tuismitheoirí, trí ríomhphost nó ardáin ar líne eile.

## 6. Oideachas Speisialta

### 6.1 Beidh riachtanais bhreise ag cuid de na daltaí den chéad uair. Conas is féidir le scoileanna tacú leis na daltaí seo?

Tá múinteoirí agus scoileanna tar éis a bheith ag déanamh monatóireachta agus ag breathnú ar dhul chun cinn daltaí ó tháinig siad ar ais ar scoil. Féadfaidh riachtanais a bheith anois ag daltaí nár sainaithníodh riachtanais bhreise a bheith acu roimhe. Ba chóir riachtanais gach dalta a shainaithint go luath ionas go gcuirfear ar bun cumarsáid agus comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus na foghlaimeoirí féin agus go gcuirfear i bhfeidhm tacaí cuí agus struchtúir chuí i bhfeidhm. Ba chóir go n-úsáidfidh an scoil *Contanam Tacaíochta* SNSO - tacaíocht uilíoch do gach foghlaimeoir, tacaíocht do roinnt acu agus tacaíocht do bheagán acu - chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is oiriúnaí maidir le tacú le riachtanais faoi leith gach dalta.

### 6.2 Conas is féidir le MOSanna freastal ar riachtanais na ndaltaí sa seomra nuair atá siad i bhfaighneoga éagsúla?

In *Plean Freagartha Covid-19 chun Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta a Athoscailt go Sábháilte agus go hInbhuanaithe* moltar gur chóir gluaiseacht múinteoirí idir ranganna agus faighneoga a theorannú an oiread agus is féidir. Ach aithníonn an Roinn nach bhfuil seo indéanta i gcónaí. Nuair atáthar ag cinntiú gur féidir freastal ar an gcaoi is fearr ar riachtanais daltaí de réir na comhairle maidir le sláinte phoiblí, b'fhéidir go mbeidh ar mhúinteoirí a bheith ag obair le daltaí ó fhaighneoga éagsúla. Mar sin, ba chóir rochtain ar acmhainní, úsáid Trealaimh Cosanta Pearsanta (TCP), agus soláthar ábhar glantacháin ionas gur féidir le baill foirne a ndeasc agus a spás oibre féin a ghlanadh tar éis do gach idirghníomh le boilgeog/faighneog a chur san áireamh sna socruithe seo.

### 6.3 An féidir MOSanna a úsáid mar mhúinteoirí ranga príomhshrutha, chun tacú le riachtanais maidir le scaradh sóisialta?

Ní féidir, ní féidir MOSanna a úsáid mar mhúinteoirí ranga príomhshrutha chun tacú le riachtanais maidir le scaradh sóisialta. In *Treoirlínte do Bunscoileanna ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha* deirtear **nach féidir** tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta a úsáid chun cóimheas idir daltaí

agus múinteoir a laghdú. Ní féidir iad a úsáid ach oiread chun go mbeadh freagracht aonair ag aon mhúinteoir oideachais speisialta as aon ábhar curaclaim a sholáthar d'aon rang faoi leith. Tá na treoirlínte seo i bhfeidhm i gcónaí i gcomhthéacs COVID-19.

### 6.4 An féidir MOSanna a úsáid le haghaidh ionadaíochta?

Is féidir, tugtar breac-chuntas ar an seicheamh le haghaidh asláithreachtaí múinteoirí i gCiorclán 0045/2020 agus san áireamh tá MOSanna ann mar an ceathrú rogha, mura bhfuil aon ionadaí ar fáil ó na chéad trí rogha. Ach, má úsáidtear MOS chun asláithreacht múinteora a chlúdach, féadtar ionadaí a fhostú ar dháta ina dhiaidh sin nuair atá duine acu ar fáil, chun cúiteamh a dhéanamh d'aon am a cailleadh.

### 6.5 Sa chás go ndéanadh daltaí a d'fhreastail ar rang le haghaidh neamhord de chuid speictream an uathachais/rang speisialta a chomhtháthú le haghaidh páirt den lá i rang príomhshrutha, ar chóir don chleachtas seo leanúint ar aghaidh?

Tá comhtháthú sa phríomhshruth tairbheach agus riachtanach do dhaltaí i ranganna speisialta ach le linn na paindéime ní mór é a fheidhmiú ar bhealach sábháilte. Ba chóir do dhaltaí i ranganna speisialta leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú le ranganna príomhshrutha nó a bheith comhtháite iontu. Ach ba chóir an líon ranganna príomhshrutha a mbíonn dalta ó rang speisialta ag idirghníomhú leo a íoslaghdú, chun grúpáil faighneoga a choinneáil an oiread agus is féidir, agus chun cabhrú maidir le meicníochtaí um rianú teagmhálaithe, má bhíonn sin ag teastáil. Tá tuilleadh treorach ar fáil anseo.

## 7. Acmhainní

### 7.1 Cén áit ar féidir le scoileanna acmhainní oiriúnacha a fháil chun tacú le húsáid na timpeallachta lasmuigh san fhoghlaim?

Ar shuíomh Gréasáin SFGM tá réimse d'acmhainní agus smaointe chun a úsáid taobh amuigh, lena n-áirítear smaointe maidir le Corpoideachas, STEM, rianta foghlama agus Matamaitic lasmuigh. Sna hacmhainní *Beyond the Classroom* atá ar fáil in scoilnet.ie agus atá arna dtáirgeadh ag SFGM tá cuidiú breise ann do scoileanna. Is féidir go leor gnéithe de na sé shnáithe Corpoideachais a theagasc, a threisiú agus a mheas trí úsáid a bhaint as acmhainní ar líne atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin SFGM. Is féidir clós na scoile a úsáid chun an fhoghlaim i gcorpoideachas a leathnú agus an trealamh is lú a úsáid. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do shnáitheanna lúthchleasaíochta agus gníomhaíochtaí lasmuigh agus eachtraíochta. Leis na gníomhaíochtaí is éifeachtaí is féidir le daltaí a bheith ag obair i ngrúpaí beaga le gníomhaíocht choirp agus gluaiseacht de chineál neamhtheagmhála.

### 7.2 An bhfuil sé sábháilte dul ar aghaidh ag úsáid acmhainní mar leabhair leabharlainne, bréagáin, uirlisí ceoil agus gairis dhigiteacha le haghaidh foghlama sa seomra ranga?

Ba cheart go mbeadh rochtain rialta ag daltaí ar acmhainní agus ar ábhair chun tacú leis an bhfoghlaim, ach ba cheart comhroinnt ábhar i measc daltaí a íoslaghdú. Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh a gcuid acmhainní aonair féin ag daltaí, mar shampla, téacsleabhair, cásanna peann luaidhe, trealamh ealaíne agus uirlisí ceoil. Is féidir acmhainní faoi leith a

chomhhroinnt nuair atá gá leis, ach ní mór cloí go docht le treoracha ón Roinn Oideachais *COVID-19 Plean Freagartha maidir le hathoscailt shábháilte agus inmhartha bunscoileanna agus scoileanna speisialta*.

Is rí-tábhachtach go mbeadh teacht ag daltaí ar raon leathan leabhar. Ba chóir go mbeadh na leabhair a chomhroinntear clúdaithe le clúdach plaisteach inghlanta ar féidir é a ní le gníomhaire glanta tí oiriúnach idir úsáidí. Ba chóir daltaí a spreagadh chun a lámha a ní roimh agus tar éis aon earra comhroinnte a úsáid. Ba chóir do dhaltaí gan leabhair a láimhseáil a oiread agus ab fhéidir.

Is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha sa seomra ranga. Ba cheart roinnt ábhar oideachasúil idir faighneoga a sheachaint / a íoslaghdú nuair is féidir. Ba cheart giúirleoidí leictreonacha comhroinnte mar tháibléid, scáileáin tadhaill, méarchláir a ghlanadh idir úsáid agus d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar chlúdaigh inúsáidte a úsáid le haghaidh leictreonaic chun glanadh a éascú.

Tá tuilleadh treoracha ar fáil i gCuid 6 ón Roinn Oideachais *Plean Freagartha COVID-19 maidir le hathoscailt shábháilte agus inmharthana bunscoileanna agus scoileanna speisialtas*.

## 8. Daltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19

### 8.1 Cad ba chóir do scoileanna a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil drogall ar thuismitheoirí/chaomhnóirí filleadh ar scoil mar gheall ar fhaitíos a bhaineann le COVID-19?

Ba chóir don scoil teagmháil a dhéanamh leis na teaghlaigh, agus ba chóir achoimre a thabhairt ar na bearta sábháilteachta atá i bhfeidhm chun teaghlaigh a chur ar a suaimhneas go bhfuil sé sábháilte dá bpáiste filleadh ar scoil, ach amháin má tá deimhniú leighis ag a bpáiste a bheith sa chatagóir riosca an-ard agus go gcomhairlítear dóibh mar sin foghlaim ón mbaile. Féadfaidh múinteoirí teagmhála baile, scoile agus an phobail (TBSP), nuair atá siad ar fáil, a bheith in ann teaghlaigh a chur ar a suaimhneas agus tacú leo nuair atá na scoileanna ag athoscailt.

Faoi Threoirlínte RO, táthar ag súil le gach dalta a bheith ag freastal ar scoil mar is gnáth, ach amháin iad siúd a bhfuil deimhniú leighis acu go bhfuil siad faoi riosca an-ard ó COVID-19. Mar sin de, mura bhfilleann daltaí ar scoil, tá d'oibleagáid ar an scoil a n-asláithreacht leanúnach a chur in iúl do TUSLA. Bhí an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais TUSLA (STOT) ag obair go córasach le scoileanna ó thús na scoilbhliana chun a chinntiú go bhfaigheadh daltaí tacaíocht maidir lena bhfilleadh ar scoil agus tinreamh scoile. Tacóidh baill foirne STOT le pearsanra scoile chun saincheisteanna tinrimh a leanúint, ag tabhairt treorach agus ag tabhairt eolas maidir le seirbhísí tacaíochta iomchuí agus conairí atreoraithe. Tá tacar úsáideach Ceisteanna Coitianta ceaptha ag STOT do thuismitheoirí, is féidir a rochtain anseo.

Tá acmhainní forbartha ag SNSO do thuismitheoirí, do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le himní. Tá seimineár gréasáin agus sraith straitéisí maidir le filleadh ar scoil déanta acu freisin ina bhfuil acmhainní ar fáil chun tacú le daltaí filleadh ar scoil. Tá SNSO ar fáil chun comhairle a thabhairt do scoileanna maidir leis an gcaoi is fearr tacú le scoileanna agus

tuismitheoirí sa chohórt seo. Ba chóir a chur i gcuimhne do thuismitheoir chomh maith gur gá dóibh, más mian leo scolaíocht bhaile a thabhairt dá bpáistí, clárú le TUSLA le haghaidh scolaíocht bhaile.

### 8.2 Conas is féidir tacú le nascacht agus leanúnachas foghlama do dhaltaí a bhfuil riachtanais oideachais chasta acu agus ar gá dóibh foghlaim ón mbaile mar gheall orthu a bheith faoi riosca an-ard ó COVID-19?

D'fhéadfaí seo a éascú trí ghlaonna fóin seiceála leis na daltaí (i láthair a dtuismitheora/caomhnóra) agus/nó ábhair chuí a sheoladh, lena n-áirítear grianghraif nó taifeadtaí de ghlórtha nó fuaimeanna a bhfuil siad cleachta orthu ón scoil agus ón seomra ranga agus físeáin a sholáthar chun tacú le foghlaim ag úsáid ardán digiteach na scoile (Seesaw, mar shampla). Tá an deimhniú an-tábhachtach chun teagmháil a choinneáil idir daltaí agus a múinteoirí. Ba chóir tacaíochtaí a chuirtear ar fáil a bheith bunaithe ar an dalta aonair agus ar a riachtanais agus a gcumais agus de réir a spriocanna comhaontaithe ina bplean tacaíochta.

Ar shuíomh gréasáin CNOS tá achoimre ar raon leathan acmhainní atá oiriúnach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sraith acmhainní ar líne déanta acu freisin, '*Ag Dul ar Ais go dtí a bhfuil ar eolas againn*', chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu filleadh ar scoil. Féadtar cuid mhór de na straitéisí agus cuir chuige a mholtar a úsáid sa timpeallacht chianfhoghlama. Is é Tairseach Tacaíochta Scoile SNSO an t-ardán trínar féidir le scoileanna iarratas a chur isteach chuig SNSO le haghaidh tacaíocht in-scoile don fhoireann uile, do ghrúpa agus do mhúinteoirí aonair. Féadfaidh tacaíocht a bheith i bhfoirm tacaíocht fóin, tacaíocht ríomhphoist, físchomhdhálacha agus, i dtosca mar gceadaíonn comhairle maidir le sláinte phoiblí, cuairt scoile, nó seimineár scoile uile. Is féidir iarratas a dhéanamh ag https://ncse.ie/school-support

### 8.3 Conas is féidir le scoileanna cumarsáid leanúnach a éascú idir an múinteoir ranga agus an múinteoir ainmnithe/tuismitheoirí/daltaí chun a chinntiú go bhfuil foghlaim daltaí ailínithe lena rang?

Ba chóir do scoileanna cuid d'uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid chun tacú le cumarsáid leanúnach idir múinteoirí ranga agus múinteoirí ainmnithe agus tuismitheoirí. Is féidir le scoileanna socruithe áitiúla a dhéanamh ag brath ar a gcomhthéacs chun an chumarsáid seo a éascú. Mar shampla, féadfaidh múinteoirí na naíonán beag a bhrath go bhfuil sé úsáideach an chumarsáid seo a eagrú nuair atá a rang tar éis dul abhaile lá níos giorra. Chomh maith céanna, féadfaidh príomhoidí a bhrath go mbeadh sé tairbheach cuid dá gcuid ama riaracháin a úsáideach ag tacú le comhpháirtíocht le tuismitheoirí trí na socruithe seo.

### 8.4 An gá do mhúinteoirí ainmnithe méid íosta uaireanta a chur ar fáil chun daltaí atá ag baint tairbhe as soláthar oideachais oiriúnaithe a theagasc?

Níl aon bhunlíon uaireanta forordaithe sna doiciméid threoracha. Faoi gach scoil faoi leith atá sé a chinntiú go bhfuil siad siúd atá ag rochtain oideachas oiriúnaithe cumasaithe chun dul chun cinn a dhéanamh i gcomhréir leis an gcuraclam agus lena gcomhdhaltaí. Is cinneadh áitiúil é an méid ama a shanntar chun seo a bhaint amach, ag brath ar an gcomhthéacs áitiúil. Ach ba chóir teagmháil laethúil idir an múinteoir ainmnithe agus na

daltaí a chur ar fáil an oiread agus is féidir, ag úsáid cibé modhanna fiúntacha is gá (mar shampla, ardán digiteach, glaonna fóin, téacs)

### 8.5 Cé a dhéanfaidh rathú cáilíochta ar oideachas oiriúnaithe do dhaltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19?

Tá freagracht fhoriomlán ar cheannairí scoile as maoirseacht ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama ar fud na scoile. Ba chóir don scoil cumarsáid rialta a dhéanamh leis an múinteoir ranga chun a chinntiú go bhfuil teagasc agus foghlaim i gcomhréir leis an rang, an oiread agus is féidir. Ba chóir don mhúinteoir atá freagrach as an soláthar oideachais oiriúnaithe don dalta ar bhonn rialta aiseolas a sholáthar. Ba chóir go bhfaighidh daltaí aiseolas tacúil, cuiditheach agus tráthúil ar a gcuid oibre. Ba cheart tuairimí na ndaltaí a lorg freisin ionas go bhféadfaí an dóigh a bhfuil an t-oideachas oiriúnaithe ag obair óna bpeirspictíocht féin. Tá an cineál seo aiseolais dhá bhealach riachtanach chun spreagadh agus dul chun cinn san fhoghlaim a choinneáil.

### 8.6 An bhfuil réimsí leochaileacha de chlár OSPS (e.g. Fan Sábháilte) oiriúnach chun déileáil leo trí theagasc agus foghlaim ó chian?

I gCuid 3 de *Leanúnachas Scoilaíochta: Ag tacú le daltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19* tugtar achoimre gur chóir cuir chuige i leith teagaisc agus foghlama in Fan Sábháilte agus i réimsí leochaileacha eile de churaclam OSPS a bheith socraithe i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus i gcomhréir le polasaithe scoile chun freastal ar riachtanais daltaí nach féidir leo freastal ar scoil. I measc na gcur chuige seo d'fhéadfaí físeán nó fuaim réamhthaifeadta a chur ar fáil, tascanna foghlama le críochnú sa bhaile agus comhroinnt príomhphointí foghlama leis na daltaí. Is féidir a chur in iúl do dhaltaí sa chúigiú agus sa séú rang maidir le Busy Bodies, acmhainn úsáideach ar fáil anseo chun cabhrú le múinteoirí agus tuismitheoirí ag cur ar fáil eolas ar chaithreachas do dhaltaí idir 10 agus 14 bliana d'aois. Tacaíonn an clár Busy Bodies le teagasc na comhpháirte den chúigiú agus séú rang, Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG), i gcomhthéacs Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláintiúil.

## 9. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

### 9.1 Cén dóigh ar féidir rannpháirtíocht tuismitheoirí a chothú le linn na tréimhse seo?

Ní mholtar go mbíonn tuismitheoirí sa seomra ranga go fisiciúil faoi láthair mar gheall ar shrianta sláinte poiblí. I bhfianaise bhearta sábháilteachta COVID-19, is príomhthosaíocht is ea idirghníomhaíocht fhisiciúil le daoine fásta eile a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart cumarsáid fhíorúil le tuismitheoirí a neartú ag an am seo i bhfianaise an iliomad ceisteanna, eagla agus buarthaí a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí. D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach a chinntiú go bhfuil a fhios ag baill uile an phobail scoile go mba chóir go dtarlódh an bhéim bhreise ar chumarsáid dhigiteach i gcomhthéacs COVID19 laistigh de gnáth uaireanta conartha an mhúinteora. Níltear ag súil go mbeadh múinteoirí ar fáil taobh amuigh de na huaireanta seo ná ag an deireadh seachtaine. Ba chóir do scoileanna agus do thuismitheoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí. Mar shampla, i ranganna naíonán, d'fhéadfadh tuismitheoirí páirt a ghlacadh sa scéalaíocht

trí áiseanna físchomhdhála a úsáid. Ba chóir go dtarlódh cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí i mbliana, cruinnithe chun pleananna a dhréachtú agus a athbhreithniú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina measc, ach iad a oiriúniú d'fhonn teagmháil aghaidh ar aghaidh a laghdú mar shampla trí fhíschomhdháil, glaonna teileafóin agus r-phost a úsáid. Ba chóir do scoileanna tagairt a dhéanamh do threoir na RO *Ag tacú le comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí i mbunscoileanna* chun tuilleadh eolais a fháil. Maidir leis na cuir chuige chun tacú le comhoibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí, d'fhéadfadh scoileanna speisialta leas a bhaint as na treoirlínte a cuireadh ar fáil do bhunscoileanna nó d'iar-bhunscoileanna nó as meascán den dá cheann acu, de réir mar a oireann.